RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2023/1772 ÓN gCOIMISIÚN

an 12 Meán Fómhair 2023

lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 923/2012 a mhéid a bhaineann leis na rialacha oibriúcháin a bhaineann le húsáid na gcóras Bainistithe Aerthráchta agus Seirbhísí Aerloingseoireachta agus a gcomhdhamhnaí san Aerspás Eorpach Aonair agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1033/2006

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2018/1139 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Iúil 2018 maidir le rialacha comhchoiteanna i réimse na heitlíochta sibhialta agus lena mbunaítear Gníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta na hEorpa, agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 2111/2005, Rialachán (CE) Uimh. 1008/2008, Rialachán (AE) Uimh. 996/2010, Rialachán (AE) Uimh. 376/2014 agus Treoir 2014/30/AE agus Treoir 2014/53/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 552/2004 agus Rialachán (CE) Uimh. 216/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CEE) Uimh. 3922/91 ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 31 agus Airteagal 44(1), pointe (a) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I gcomhréir le hAirteagal 140(2) de Rialachán (AE) 2018/1139, tá na rialacha cur chun feidhme arna nglacadh ar bhonn Rialachán aisghairthe (CE) Uimh. 552/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]) le hoiriúnú d'fhorálacha Rialachán (AE) 2018/1139, tráth nach déanaí ná an 12 Meán Fómhair 2023.

(2) Le Rialachán (CE) Uimh. 1033/2006 ([3]) ón gCoimisiún leagtar síos na ceanglais ar nósanna imeachta le haghaidh pleananna eitilte sa chéim réamheitilte le haghaidh an Aerspáis Eorpaigh Aonair.

(3) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 923/2012 ([4]) ón gCoimisiún leagtar síos rialacha comhchoiteanna an aeir agus forálacha oibríochtúla maidir le seirbhísí agus nósanna imeachta san aerloingseoireacht.

(4) Chun leanúnachas na gceanglas maidir le húsáid threalamh na seirbhísí bainistithe aerthráchta agus seirbhísí aerloingseoireachta ('BAT/SAL') san Aerspás Eorpach Aonair, ba cheart Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 923/2012 a leasú chun na ceanglais ábhartha a áireamh maidir leis an bpleanáil eitilte atá i Rialachán Cur Chun Feidhme (CE) Uimh. 1033/2006, agus atá á aisghairm leis an Rialachán seo.

(5) Toisc gurb ar iontaoibh an Bhainisteora Líonra a chuirtear cúraimí próiseála pleananna eitilte sa chéim réamheitilte, ba cheart feidhm a bheith ag Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 923/2012 maidir leis an mBainisteoir Líonra freisin.

(6) Tá sé fíor-riachtanach go gcloíonn na húsáideoirí uile leis na lámhleabhair oibríochta arna bhforbairt agus arna gcoinneáil ar bun ag an mBainisteoir Líonra nuair a chuireann siad pleananna eitilte isteach.

(7) Ní infheidhme na pleananna eitilte atriallacha (RPL) i réigiún EUR a thuilleadh, dá bhrí sin, ba cheart aon tagairt do RPL a bhaint.

([1]) IO L 212, 22.8.2018, lch. 1.

([2]) Rialachán (CE) Uimh. 552/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Márta 2004 maidir le hidir-inoibritheacht an ghréasáin Eorpaigh um bainistíocht aerthráchta (an Rialachán idir-inoibritheachta) (IO L 96, 31.3.2004, lch. 26).

([3]) Rialachán (CE) Uimh. 1033/2006 an 4 Iúil 2006 ón gCoimisiún lena leagtar síos na ceanglais maidir le nósanna imeachta le haghaidh pleananna eitilte ag an gcéim réamheitilte le haghaidh an aerspáis Eorpaigh aonair maidir le pleananna eitilte ag céim roimh-eitilte don Aerspás Eorpach Aonair (IO L 186, 7.7.2006, lch. 46).

([4]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 923/2012 ón gCoimisiún an 26 Meán Fómhair 2012 lena leagtar síos rialacha comhchoiteanna an aeir agus forálacha oibríochtúla maidir le seirbhísí agus nósanna imeachta san aerloingseoireacht agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1035/2011 agus Rialacháin (CE) Uimh. 1265/2007, (CE) Uimh. 1794/2006, (CE) Uimh. 730/2006, (CE) Uimh. 1033/2006 agus (AE) Uimh. 255/2010 (IO L 281, 13.10.2012, lch. 1).

(8) Ceanglais a bhaineann le nósanna imeachta um pleananna eitilte sa chéim réamheitilte le haghaidh an Aerspáis Eorpaigh Aonair a leagtar amach i Rialachán (CE) Uimh 1033/2006, níl feidhm acu maidir le seirbhísí a sholáthraítear san Aerspás Eorpach Aonair lasmuigh de réigiún Eorpach (EUR) na hEagraíochta Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta (ICAO) mar a shainítear in *EUR Air Navigation Plan* [Plean Eorpach Aerloingseoireachta] Imleabhar I (Doic 7754) de chuid ICAO i ngeall ar mhéid íseal a dtráchta áitiúil agus ar a suíomh geografach, is é sin, gan de theorainn aerspáis acu ach le haerspás a bhfuil soláthraithe BAT/SAL tríú tír freagrach as, rud a thugann údar cuí le socruithe comhordúcháin áitiúla difriúla le stáit mháguaird nach Ballstáit den Aontas Eorpach iad.

(9) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (CE) Uimh. 1033/2006 a aisghairm agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 923/2012 a leasú dá réir dá bhrí sin.

(10) Ábhar an Mháistirphlean Eorpaigh um Bainistíocht Aerthráchta agus na cumais cumarsáide, loingseoireachta agus faireachais atá ann, tugadh san áireamh go cuí iad leis na ceanglais leasaithe a leagtar amach sa Rialachán seo.

(11) Tá bearta molta ag Gníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta an Aontais Eorpaigh i dTuairim Uimh. 01/2023 ([5]) uaithi i gcomhréir le hAirteagal 75(2), pointí (b) agus (c), agus le hAirteagal 76(1) de Rialachán (AE) 2018/1139.

(12) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir le tuairim an choiste a bunaíodh i gcomhréir le hAirteagal 127 de Rialachán (AE) 2018/1139,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasuithe ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 923/2012

Leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 923/2012 mar a leanas:

(1) In Airteagal 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

'3. Beidh feidhm ag an Rialachán seo freisin maidir le húdaráis inniúla na mBallstát, soláthraithe seirbhíse aerloingseoireachta, an Bainisteoir Líonra, oibreoirí aeradróim agus pearsanra talún a ghabhann d'oibríochtaí aerárthaí.';

(2) Leasaítear Airteagal 2 mar a leanas:

(a) cuirtear an pointe 19a seo a leanas isteach:

'19a. ciallaíonn 'aitheantas aerárthaigh' grúpa litreacha, figiúirí, nó teaglaim díobh, atá comhionann le glao-chód an aerárthaigh, nó arb iad nó í a choibhéis chódaithe, arb é an glao-chód aerárthaigh atá le húsáid sa chumarsáid idir aer agus talamh, agus a úsáidtear chun an t-aerárthach a shainaithint i gcumarsáid idir seirbhísí aerthráchta ar an talamh;';

(b) cuirtear an pointe 69a seo a leanas isteach:

'69a. ciallaíonn an 'dáta gluaiste measta' an dáta a mheastar a chuirfear tús le gluaiseacht an aerárthaigh a bheidh bainteach le himeacht;';

(c) cuirtear an pointe 89b seo a leanas isteach:

'89b. ciallaíonn 'Córas Cómhtháite um Thúsphróiseáil Pleananna Eitilte (IFPS)' córas laistigh den Líonra Eorpach um Bainistíocht Aerthrách ta ar tríd an gcóras sin a sholáthraítear seirbhís próiseála agus dáileacháin pleananna eitilte láraithe, lena láimhseáiltear glacadh, fíorú agus dáileadh na bpleananna eitilte, laistigh den aerspás ar maidir leis sin a bhfuil feidhm ag an Rialachán seo;';

(d) cuirtear an pointe 96a seo a leanas isteach:

'96a. ciallaíonn 'Bainisteoir Líonra (NM)' an comhlacht a gcuirtear ar a iontaoibh na cúraimí is gá chun na feidhmeanna dá dtagraítear in Airteagal 6 de Rialachán (CE) Uimh. 551/2004 a fheidhmiú;';

(e) cuirtear an pointe 97a seo a leanas isteach:

'97a. ciallaíonn 'NOTAM' fógra a dháiltear trí bhíthin na teileachumarsáide ina bhfuil faisnéis a bhaineann le bunú aon saoráid aerloingseoireachta, seirbhíse, nós imeachta, nó ghuaise, nó leis an mbail atá ar aon saoráid aerloingseoireachta, seirbhís, nós imeachta, nó guais, nó le athrú a dhéantar orthu, dá bhfuil eolas tráthúil ar bhunú na nithe sin, ar an mbail atá orthu nó ar athrú a dhéantar orthu, fíor-riachtanach do phearsanra a bhaineann le hoibríochtaí eitilte;'

([5]) https://www.easa.europa.eu/document-library/opinions

(f) cuirtear an pointe 99a seo a leanas isteach:

'99a. ciallaíonn 'tionscnóir plean eitilte' duine nó eagraíocht a chuireann pleananna eitilte agus aon teachtaireacht faoi nuashonrú atá bainteach faoi bhráid an Chórais Chómhtháite um Thúsphróiseáil Pleananna Eitilte (IFPS), lena n-áirítear píolótaí, oibreoirí agus gníomhairí a ghníomhaíonn thar a gceann, agus aonaid ATS;';

(g) cuirtear an pointe 100a seo a leanas isteach:

'100a. ciallaíonn 'céim réamheitilte' an tréimhse ón uair a chuirtear plean eitilte isteach den chéad uair go dtí go seachadfar an chéad chead rialaithe aerthráchta;'

(3) déantar an Iarscríbhinn a leasú i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Aisghairm

Aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1033/2006.

Airteagal 3

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 12 Meán Fómhair 2023.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

Leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 923/2012 mar a leanas:

(1) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe SERA.2001:

'**SERA.2001 Ábhar**

Gan dochar do phointe SERA.1001, tá feidhm ag an Iarscríbhinn seo maidir le húsáideoirí aerspáis agus aerárthaí:

(a) a oibríonn isteach go dtí an Aontas, laistigh den Aontas nó amach as an Aontas;

(b) ar a bhfuil marcanna náisiúntachta agus clárúcháin Bhallstát den Aontas, agus a oibríonn in aon aerspás a mhéid nach mbíonn siad i gcoinbhleacht leis na rialacha arna bhfoilsiú ag an Stát ag a bhfuil dlínse ar an gcríoch a n-eitleofar thairis.';

(2) leasaítear pointe SERA.4001 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointí (c) agus (d):

'(c) Beidh plean eitilte:

(1) curtha isteach, roimh imeacht:

(i) chuig an mBainisteoir Líonra go díreach nó trí oifig tuairiscithe seirbhísí aerthráchta, i gcomhréir leis na lámhleabhair oibríochta ina bhfuil na treoracha agus an fhaisnéis is gá arna bhforbairt agus arna gcoinneáil ar bun ag an mBainisteoir Líonra, má tá rún ann an eitilt a oibriú i gcomhréir le IFR le haghaidh cuid de bhealach, nó le haghaidh bhealach iomlán, na heitilte laistigh den aerspás Eorpach aonair; nó

(ii) chuig oifig tuairiscithe seirbhísí aerthráchta le haghaidh cásanna eile;

(2) tarchurtha, le linn eitilte, chuig an aonad seirbhísí aerthráchta iomchuí nó chuig an stáisiún raidió rialaithe idir aer agus talamh.

(d) Mura ndéanann an t-údarás inniúil tréimhse ama níos giorra a fhorordú le haghaidh eitiltí VFR intíre, déanfar plean eitilte le haghaidh aon eitilt atá beartaithe a oibriú thar theorainneacha idirnáisiúnta nó a sholáthrófar le seirbhís rialaithe aerthráchta nó seirbhís chomhairleach aerthráchta a chur isteach mar a leanas:

(1) nach mó ná 120 uair an chloig roimh an am gluaiste measta;

(2) 3 huaire an chloig ar a laghad roimh an am gluaiste measta le haghaidh eitiltí a d'fhéadfadh a bheith faoi réir bearta bainistíochta na sreibhe aerthráchta;

(3) 60 nóiméad ar a laghad roimh imeacht le haghaidh gach eitilt eile nach bhfuil cumhdaithe i bpointe (2); nó

(4) má chuirtear an plean isteach le linn eitilte, ag am lena n-áirithítear go bhfaighidh an t-aonad ATS iomchuí é, 10 nóiméad ar a laghad sula meastar go sroichfidh an t-aerárthach:

(i) an pointe iontrála beartaithe isteach i limistéar rialaithe nó i limistéar comhairleach; nó

(ii) an pointe ag a dtrasnaítear aerbhealach nó bealach comhairleach.';

(b) cuirtear na pointí (e) agus (f) seo a leanas isteach:

'(e) I gcás eitiltí a oibríonn go páirteach nó go hiomlán i gcomhréir le IFR, ar theacht isteach i limistéar freagrachta aonaid seirbhísí aerthráchta dóibh, nach bhfuarthas aon phlean eitilte lena aghaidh ón mBainisteoir Líonra roimhe seo, tarchuirfidh an t-aonad lena mbaineann chuig an mBainisteoir Líonra aitheantas aerárthaigh, cineál aerárthaigh, an pointe iontrála chuig a limistéar freagrachta, am na heitilte agus leibhéal na heitilte ag an bpointe sin, an bealach agus aeradróm cinn scríbe na heitilte.

(f) Na ceanglais a leagtar síos i bpointí (c), (d), agus (e), ní bheidh feidhm leo san Aerspás Eorpach Aonair nach bhfuil mar chuid de réigiún EUR ICAO.';

(3) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe SERA.4005:

'**SERA.4005 Ábhar plean eitilte**

(a) Áireofar i bplean eitilte an fhaisnéis uile a mheasann an t-údarás inniúil a bheith ábhartha a mhéid a bhaineann leis an méid seo a leanas:

(1) aitheantas aerárthaí;

(2) rialacha na heitilte agus cineál na heitilte;

(3) an líon aerárthaí agus cineálacha aerárthaí agus an chatagóir suaiteachta marbhshrutha;

(4) trealamh agus cumais aerárthaí;

(5) aeradróm imeachta nó láithreán oibriúcháin;

(6) an dáta agus an t-am gluaiste measta;

(7) luas(anna) cúrsála;

(8) airde(airdí) cúrsála;

(9) an bealach a leanfar;

(10) aeradróm nó láithreán oibriúcháin cinn scríbe agus an t-am caite measta iomlán;

(11) aeradróm nó láithreán oibriúcháin malartach;

(12) buanseasmhacht breosla;

(13) an líon iomlán daoine ar bord;

(14) trealamh éigeandála agus marthanais, lena n-áirítear córas aisghabhála paraisiúit balaistíoch;

(15) faisnéis eile.

(b) I gcás pleananna eitilte a chuirtear isteach le linn eitilte, beidh an t-aeradróm imeachta nó an láithreán oibriúcháin arna soláthar ar an láthair óna bhféadfar faisnéis fhorlíontach maidir leis an eitilt a fháil, más gá. Anuas air sin, an fhaisnéis a sholáthrófar in ionad an ama gluaiste mheasta is é sin an t-am thar an gcéad phointe den bhealach lena mbaineann an plean eitilte.';

(4) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe SERA.4010:

'**SERA.4010 Plean eitilte a líonadh isteach**

(a) Beidh faisnéis i bplean eitilte, mar is infheidhme, maidir le míreanna ábhartha atá liostaithe i bpointe SERA.4005(a)(1) go (11) maidir leis an mbealach iomlán nó le cuid de dá gcuirtear isteach an plean eitilte.

(b) Oibreoirí aerárthaí, tionscnóirí pleananna eitilte agus aonaid seirbhísí aerthráchta a leanann na treoracha is gá dá dtagraítear i bpointe SERA.4001(c)(1)(i), comhlíonfaidh siad na nithe seo a leanas:

(1) na treoracha maidir le foirm an phlean eitilte i bhFoscríbhinn 6 a líonadh isteach;

(2) aon bhacainn a sainaithníodh i bhFoilseacháin Faisnéise Aerloingseoireachta (AIPanna) ábhartha.

(c) Oibreoirí aerárthaí, nó na gníomhairí a ghníomhaíonn ar a son, a bhfuil sé beartaithe acu oibriú laistigh den aerspás Eorpach aonair le haghaidh cuid den bhealach nó le haghaidh an bhealaigh iomláin i gcomhréir le IFR cuirfidh siad an táscaire iomchuí isteach don trealamh aerárthaí atá ar fáil ar bord agus a chumais i gcomhréir le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1770 ón gCoimisiún (*) sa mhír ábhartha sa phlean eitilte mar a cheanglaítear i bpointe SERA.4005(a)(4).

(d) Oibreoirí aerárthaí nach bhfuil feistithe i gcomhréir le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1770 ón gCoimisiún atá beartaithe a oibriú laistigh den aerspás Eorpach aonair, cuirfidh siad isteach an táscaire iomchuí le haghaidh an trealaimh aerárthaí atá ar fáil ar bord agus a chumais, agus aon díolúine ionchasach sna míreanna ábhartha sa phlean eitilte de réir phointí SERA.4005(a)(4) agus SERA.4005(a)(15) faoi seach. Beidh sa plean eitilte, anuas air sin, faisnéis, mar is infheidhme, maidir le gach mír eile arna fhorordú mar sin ag an údarás inniúil nó cibé uair a mheasann an duine a chuirfidh isteach an plean eitilte go bhfuil gá leis sin.

(*) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1770 ón gCoimisiún an 12 Meán Fómhair 2023 lena leagtar síos forálacha maidir le trealamh aerárthaí a cheanglaítear i dtaca le húsáid an Aerspáis Eorpaigh Aonair agus rialacha oibriúcháin a bhaineann le húsáid an Aerspáis Eorpaigh Aonair agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 29/2009 agus Rialacháin Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1206/2011, (AE) Uimh. 1207/2011 agus (AE) Uimh. 1079/2012 (IO L 228, XX.9.2023, lch. 39)';

(5) cuirtear isteach an pointe SERA.4013 seo a leanas:

'**SERA.4013 Plean eitilte a ghlacadh**

(a) Déanfaidh an Bainisteoir Líonra, le haghaidh na coda den bhealach a oibrítear i gcomhréir le IFR, agus oifig tuairiscithe na seirbhísí aerthráchta na bearta is gá chun a áirithiú nuair a gheofar plean eitilte, nó nuair a dhéantar athruithe air go mbeidh sé:

(1) i gcomhréir leis an bhformáid agus na coinbhinsiúin sonraí is infheidhme;

(2) líonta isteach agus, a mhéid is féidir, cruinn;

(3) más gá, beidh sé inghlactha do na seirbhísí aerthráchta; agus

(4) glactha, nó glacfar freisin leis na hathruithe a dhéanfar air, agus léireofar é sin do thionscnóir an phlean eitilte.

(b) Soláthróidh na haonaid ATC don Bhainisteoir Líonra aon athrú is gá ar phlean eitilte, ar athruithe iad a dhéanfaidh difear do mhíreanna a bhaineann leis an mbealach nó leis an leibhéal eitilte mar atá liostaithe i bpointe SERA.4005 (a) (1) go (10) a d'fhéadfadh difear a dhéanamh d'iompar sábháilte eitilte, le haghaidh pleananna eitilte agus teachtaireachtaí nuashonraithe gaolmhara a fuair siad ón mBainisteoir Líonra. Ní dhéanfaidh aonad ATC athruithe eile ar phlean eitilte, ná ní chuirfidh sé ar ceal é sa chéim réamheitilte gan comhordú a dhéanamh leis an oibreoir aerárthaí.

(c) Cuirfidh an Bainisteoir Líonra in iúl do gach aonad ATS dá ndéantar difear an plean eitilte arna ghlacadh agus aon athrú sa chéim réamheitilte arna ghlacadh a dhéanfar ar na míreanna atá liostaithe i bpointe SERA.4005 (a) (1) go (10) den phlean eitilte agus na teachtaireachtaí nuashonraithe gaolmhara.

(d) Cuirfidh an Bainisteoir Líonra in iúl don oibreoir aerárthaí aon athrú is gá a dhéanamh sa chéim réamheitilte ar an bplean eitilte a dhéanfaidh difear do mhíreanna atá liostaithe i bpointe SERA.4005 (a) (1) go (10) a bhaineann leis an mbealach nó leis an leibhéal eitilte a d'fhéadfadh difear a dhéanamh d'iompar sábháilte eitilte, le haghaidh pleananna eitilte agus teachtaireachtaí nuashonraithe gaolmhara a fuarthas roimhe sin.

(e) Tionscnóir plean eitilte, nuair nach é an t-oibreoir aerárthaí nó an píolóta é, áiritheoidh sé go gcuirfear na coinníollacha chun glacadh le plean eitilte agus aon athrú is gá ar na coinníollacha sin arna bhfógairt ag an mBainisteoir Líonra le haghaidh cuid den eitilt a oibrítear i gcomhréir le IFR, nó ag oifigí tuairiscithe na seirbhísí aerthráchta, ar fáil don oibreoir aerárthaí nó don phíolóta a chuir isteach an plean eitilte.

(f) Áiritheoidh an t-oibreoir aerárthaí go ndéanfar na coinníollacha chun glacadh le plean eitilte agus aon athrú is gá air arna fhógairt ag an mBainisteoir Líonra nó ag oifig tuairiscithe na seirbhísí aerthráchta do thionscnóir an phlean eitilte a ionchorprú isteach san oibríocht aeir beartaithe agus go gcuirfear in iúl don phíolóta iad.

(g) Áiritheoidh an t-oibreoir aerárthaí roimh oibriú na heitilte go léirítear na rúin oibríochta i gceart in ábhar an phlean eitilte.

(h) Próiseálfaidh an Bainisteoir Líonra an fhaisnéis ar chumas spásála chainéal 8,33 kHz a fuarthas sna pleananna eitilte.

(i) Na ceanglais a leagtar síos i bpointí (a) go (h), ní bheidh feidhm leo san aerspás Eorpach Aonair nach bhfuil mar chuid de réigiún EUR ICAO.';

(6) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe SERA.4015:

'**SERA.4015 Athruithe ar phlean eitilte**

(a) Déanfar na hathruithe uile ar phlean eitilte a chuirtear isteach le haghaidh eitilt IFR, nó eitilt VFR a oibrítear mar eitilt rialaithe, a thuairisciú:

(1) le linn na céime réamheitilte, don Bhainisteoir Líonra le haghaidh eitiltí atá beartaithe a oibriú i gcomhréir le IFR le haghaidh cuid den bhealach nó an bhealaigh iomláin, agus d'oifigí tuairiscithe na seirbhísí aerthráchta a luaithe is indéanta;

(2) le linn na heitilte, faoi réir fhorálacha phointe SERA.8020(b), don aonad seirbhísí aerthráchta iomchuí.

Le haghaidh eitiltí VFR eile, tuairisceofar athruithe suntasacha ar phlean eitilte a luaithe is indéanta don aonad seirbhísí aerthráchta iomchuí.

(b) I gcás ina gcuirtear moill 30 nóiméad níos mó ná an t-am gluaiste measta le haghaidh eitilt rialaithe nó moill 1 uair an chloig le haghaidh eitilt neamhrialaithe dar cuireadh plean eitilte isteach, leasófar an plean eitilte, nó cuirfear plean nua eitilte isteach, agus cuirfear an seanphlean eitilte ar ceal, cibé acu is infheidhme. Maidir le haon eitilt a oibrítear i gcomhréir le IFR, cuirfear moill níos mó ná 15 nóiméad in iúl don Bhainisteoir Líonra.

(c) I gcás athrú ar an trealamh aerárthaí agus ar a stádas cumais le haghaidh eitilte, seolfaidh oibreoirí aerárthaí, nó na gníomhairí a ghníomhaíonn ar a son, teachtaireacht modhnúcháin chuig an mBainisteoir Líonra nó chuig oifigí tuairiscithe na seirbhísí aerthráchta leis an táscaire iomchuí arna chur isteach sa mhír ábhartha d'fhoirm an phlean eitilte.

(d) Faisnéis a chuirtear isteach roimh imeacht maidir le buanseasmhacht breosla nó an líon iomlán daoine a iompraítear ar bord, má bhíonn sé mícheart ag an am imeachta, cuimsítear leis athrú suntasach ar an bplean eitilte agus, dá bhrí sin, tabharfar tuairisc air.

(e) Na ceanglais a leagtar síos i bpointí (a) go (d), ní bheidh feidhm leo san aerspás Eorpach Aonair nach bhfuil mar chuid de réigiún EUR ICAO.';

(7) cuirtear an Roinn 15 seo a leanas isteach:

'*ROINN 15*

Nósanna imeachta maidir le cumarsáid an nasctha sonraí idir rialtóir is píolóta (CPDLC)

SERA.15001 Tionscnamh nasctha sonraí agus cliseadh tionscanta nasctha sonraí

(a) Déanfar an seoladh logála isteach atá bainteach le haonad seirbhísí aerthráchta a fhoilsiú sna foilseacháin faisnéise aerloingseoireachta (AIPanna) náisiúnta.

(b) Ar iarraidh ar thionscnamh nasctha sonraí bailí a fháil ó aerárthach a bheidh ag déanamh ar limistéar seirbhíse nasctha sonraí nó laistigh de, glacfaidh an t-aonad seirbhísí aerthráchta leis an iarraidh agus, má bhíonn sé ag iarraidh é a chomhghaolú le plean eitilte, bunóidh sé nasc leis an aerárthach.

(c) Bunóidh an soláthraí seirbhísí aerthráchta nósanna imeachta chun clistí tionscanta nasctha sonraí a réiteach, a luaithe is indéanta.

(d) Bunóidh an t-oibreoir aerárthaí nósanna imeachta chun clistí tionscanta nasctha sonraí a réiteach, a luaithe is indéanta.

SERA.15005 Bunú CPDLC

(a) Bunófar CPDLC in am trátha roimh ré chun a áirithiú go ndéanann an t-aerárthach cumarsáid leis an aonad rialaithe aerthráchta iomchuí.

(b) An fhaisnéis maidir le cathain agus, más infheidhme, cá háit ba cheart do na córais aeir nó talún CPDLC a bhunú, beidh sí foilsithe i gciorcláin nó i bhfoilseacháin faisnéise aerloingseoireachta.

(c) Beidh an píolóta in ann an t-aonad rialaithe aerthráchta a sholáthraíonn an tseirbhís rialaithe aerthráchta a shainaithint tráth ar bith fad agus atá an tseirbhís á soláthar.

SERA.15010 Aistriú CPDLC

(a) Le linn do CPDLC a bheith á aistriú, cuirfear tús le haistriú na cumarsáide gutha agus CPDLC i gcomhthráth.

(b) Nuair a aistrítear aerárthach ó aonad rialaithe aerthráchta i gcás ina bhfuil CPDLC ar fáil d'aonad rialaithe aerthráchta i gcás nach bhfuil CPCLC ar fáil, cuirfear tús le foirceannadh CPDLC i gcomhthráth le haistriú na cumarsáide gutha.

(c) Cuirfear an rialtóir aerthráchta ar an eolas nuair a dhéanfar iarracht ar aistriú CPDLC as a leanfaidh athrú ar an údarás sonraí más ann do theachtaireachtaí nasctha sonraí nach bhfuarthas freagairt maidir lena ndúnadh. I gcás ina gcinneann an rialtóir aerthráchta an t-aerárthach a aistriú gan freagairtí a fháil ón bpíolóta maidir leis an teachtaireacht uasnaisc nach bhfuil léite, fillfidh an rialtóir aerthráchta de ghnáth ar chumarsáid ghutha chun aon débhrí atá bainteach le an teachtaireacht uasnaisc nach bhfuil léite a shoiléiriú.

SERA.15015 Teachtaireachtaí CPDLC a chumadh

(a) Cumfar téacs na dteachtaireachtaí CPDLC i bhformáid teachtaireachta caighdeánaí, i dteanga sholéite, nó i bhfoirm giorrúchán agus cód. Seachnófar teanga sholéite i gcás ina féidir fad an téacs a laghdú trí ghiorrúcháin agus cóid iomchuí a úsáid. Ní úsáidfear focail agus frásaí neamhriachtanacha, amhail léirithe béasaíochta.

(b) Cumfaidh an rialtóir aerthrácht agus an píolóta teachtaireachtaí CPDLC agus eilimintí teachtaireachtaí caighdeánacha, eilimintí de theachtaireachtaí téacs saor in aisce, nó meascán den dá cheann in úsáid. Seachnófar an úsáid a bhaineann rialtóirí aerthrácht nó píolótaí as eilimintí de theachtaireachtaí téacs saor in aisce.

(c) I gcás nach ndéantar foráil sa tacar teachtaireachta CPDLC a chuirtear chun feidhme maidir le himthosca sonracha, féadfaidh an t-údarás inniúil a chinneadh, i gcomhairle le hoibreoirí agus le soláthraithe seirbhísí aerthrácht eile, go bhfuil sé inghlactha eilimintí de theachtaireachtaí téacs saor in aisce a úsáid. Sna cásanna sin, saineoidh an t-údarás inniúil lena mbaineann formáid an taispeána, a úsáid bheartaithe agus na tréithe maidir le gach eilimint den teachtaireacht téacs saor in aisce.

(d) Ní bheidh níos mó ná cúig eilimint teachtaireachta i gcomhdhéanamh teachtaireachta CPDLC, agus ní bheidh an t-athróg maidir le himréiteach bealaigh ach in dhá cheann díobh.

(e) Teachtaireachtaí CPDLC ileiliminte a chumadh:

(1) I gcás inar gá freagra a thabhairt ar theachtaireacht CPDLC ileiliminte, beidh feidhm ag an bhfreagairt maidir leis na heilimintí uile den teachtaireacht.

(2) I gcás nach féidir imréiteach eiliminte teachtaireachta aonair nó aon chuid de theachtaireacht imréitigh ileiliminte a chomhlíonadh, seolfaidh an píolóta freagra 'NÍ FÉIDIR' le haghaidh na teachtaireachta ina hiomláine.

(3) Freagróidh an rialtóir le teachtaireacht 'NÍ FÉIDIR' a mbeidh feidhm léi maidir leis na heilimintí uile den iarraidh i gcás nach féidir aon eilimint d'iarraidh imréitigh aonair nó ileiliminte a fhormheas. Ní athshonrófar an t-imréiteach (na himréitigh) reatha.

(4) I gcás nach féidir freastal ach go páirteach ar iarraidh imréitigh ileiliminte, tabharfaidh an rialtóir freagra le teachtaireacht 'NÍ FÉIDIR' a mbeidh feidhm léi maidir leis na heilimintí teachtaireachta uile den iarraidh agus, más iomchuí, áireoidh sé cúis agus/nó faisnéis maidir le cathain a d'fhéadfadh coinne a bheith le himréiteach.

(5) I gcás inar féidir freastal ar na heilimintí uile d'iarraidh imréitigh aonair nó ileiliminte, tabharfaidh an rialtóir freagra le glantaí a bheidh comhfhreagrach do gach eilimint den iarraidh. Teachtaireacht uasnaisc aonair a bheidh san fhreagra sin.

(6) I gcás ina bhfuil níos mó ná eilimint teachtaireachta amháin i dteachtaireacht CPDLC agus gur 'Y' tréith freagartha na teachtaireachta, nuair a úsáidtear í, beidh an líon comhfhreagrach freagraí sa teachtaireacht freagartha aonair san ord céanna.

SERA.15020 Ag tabhairt freagra ar theachtaireachtaí CPDLC

(a) Mura sonraíonn an t-údarás inniúil a mhalairt, ní bheidh gá aisléamh gutha a dhéanamh ar theachtaireachtaí CPDLC.

(b) Seachas nuair atá gá leis an teachtaireacht CPDLC arna tarchur a cheartú, i gcás ina ndéanann rialtóir nó píolóta cumarsáid trí CPDLC, is trí CPDLC a thabharfar freagra de ghnáth. I gcás ina ndéanann rialtóir nó píolóta cumarsáid trí ghuth, is trí ghuth a bheidh an freagra de ghnáth.

SERA.15025 Teachtaireachtaí CPDLC a cheartú

(a) I gcás ina meastar go bhfuil gá le teachtaireacht CPDLC a cheartú nó i gcás inar gá ábhar teachtaireachta den sórt sin a shoiléiriú, úsáidfidh an rialtóir aerthrácht agus an píolóta na bealaí is iomchuí a bheidh ar fáil chun na mionsonraí cearta a eisiúint nó chun an soiléiriú is gá a thabhairt.

(b) I gcás ina n-úsáidtear cumarsáid ghutha chun teachtaireacht CPDLC nach bhfuarthas aon fhreagra oibriúcháin ina leith go fóill a cheartú, beidh an frása seo a leanas ag teacht roimh tharchur gutha an rialtóra nó an phíolóta: 'DÉAN NEAMHAIRD DE THEACHTAIREACHT CPDLC (cineál teachtaireachta), SOS' – agus an t-imréiteach, treoir, faisnéis nó iarraidh cheart ina dhiaidh.

(c) Agus tagairt á déanamh don teachtaireacht CPDLC a bhfuil neamhaird le déanamh de agus nuair a shainaithnítear í, beifear cúramach leis an gcaoi a déarfar é chun aon débhrí a sheachaint le saincheist an cheartúcháin maidir leis an imréiteach, treoir, faisnéis nó iarraidh.

(d) Má dhéantar teachtaireacht CPDLC óna dteastaíonn freagra oibríochtúil a chaibidliú ina dhiaidh sin trí ghuth, seolfar freagra dúnta iomchuí le haghaidh teachtaireacht CPDLC chun a áirithiú go ndéanfar sioncronú ceart ar an idirphlé CPDLC. Féadfar é sin a dhéanamh trí threoir shainráite a thabhairt d'fhaighteoir na teachtaireachta trí ghuth chun deireadh a chur leis an idirphlé nó trí ligean don chóras deireadh a chur leis an idirphlé go huathoibríoch.

SERA.15030 Nósanna imeachta cumarsáide nasctha sonraí an rialtóra le haghaidh éigeandálaí, guaiseacha, agus nuair a chliseann ar threalamh CPDLC

(a) I gcás ina dtugtar rabhadh do rialtóir aerthráchta nó do phíolóta gur chlis ar theachtaireacht cumarsáide nasctha sonraí idir rialtóir agus píolóta aonair, déanfaidh an rialtóir aerthráchta nó an píolóta ceann de na gníomhaíochtaí seo a leanas, de réir mar is iomchuí:

(1) trí ghuth, deimhneoidh sé na gníomhaíochtaí a dhéanfar i dtaca leis an idirphlé gaolmhar, agus an frása seo a leanas ag teacht roimh an bhfaisnéis: 'CLISEADH AR AN TEACHTAIREACHT CPDLC';

(2) trí chumarsáid nasctha sonraí idir an rialtóir agus an píolóta, atheiseoidh sé teachtaireacht cumarsáide nasctha sonraí idir an rialtóir agus an píolóta a chlis.

(b) Rialtóirí aerthráchta a gceanglaítear orthu faisnéis a tharchur maidir le cliseadh iomlán sa chóras talún cumarsáide nasctha sonraí idir an rialtóir agus an píolóta chuig gach stáisiún is dócha a dhéanfaidh idircheapadh, ba cheart dóibh an ghairm ghinearálta a leanas a chur roimh tarchur den sórt sin: 'CLISEADH CPDLC CHUIG GACH STÁISIÚN' – agus an stáisiún glaoite a shainaithint ina dhiaidh sin.

(c) Nuair a chliseann ar chumarsáid nasctha sonraí idir an rialtóir agus an píolóta agus go bhfilleann an chumarsáid ar ghuth, measfar nach bhfuil na teachtaireachtaí CPDLC uile atá fágtha seachadta agus atosófar ar an idirphlé iomlán lena mbaineann na teachtaireachtaí atá fágtha trí ghuth.

(d) I gcás ina gcliseann ar chumarsáid nasctha sonraí idir an rialtóir agus an píolóta ach go gcuirtear ar ais é sula mbíonn gá ann filleadh ar chumarsáid ghutha, measfar nach bhfuil na teachtaireachtaí uile atá fágtha seachadta agus atosófar ar an idirphlé iomlán lena mbaineann na teachtaireachtaí atá fágtha trí CPDLC.

SERA.15035 Múchadh d'aon ghnó an chórais CPDLC

(a) I gcás ina mbeartaítear múchadh córais a dhéanamh ar an líonra cumarsáide nó ar chóras talún CPDLC, foilseofar NOTAM chun na páirtithe uile dá ndéantar difear a chur ar an eolas faoi thréimhse an mhúchta agus, más gá, foilseofar mionsonraí na minicíochtaí cumarsáide gutha atá le húsáid.

(b) Cuirfear aerárthach atá i mbun cumarsáide leis na haonaid ATC ar an eolas trí ghuth nó CPDLC maidir le haon gharchaillteanas na seirbhíse CPDLC.

SERA.15040 Scor d'úsáid iarrataí CPDLC

(a) I gcás ina n-iarrann rialtóir ar gach stáisiún nó ar eitilt shonrach gan iarrataí CPDLC a sheoladh ar feadh tréimhse ama teoranta, úsáidfear an frása seo a leanas: ((comhartha glao) nó GACH STÁISIÚN) STOP AG SEOLADH IARRATAÍ CPDLC [GO DTÍ GO MOLFAR DUIT IAD A SHEOLADH] [(cúis)].

(b) Molfar gnáthúsáid CPDLC arís ach an frása seo a leanas a úsáid: ((comhartha glao) nó GACH STÁISIÚN) ATOSAIGH GNÁTHOIBRÍOCHTAÍ CPDLC.

SERA.15045 Úsáid as CPDLC i gcás ina gcliseann ar chumarsáid ghutha idir aer agus talamh

I gcás inar ann do nasc CPDLC idir aonad na seirbhísí aerthráchta agus aerárthach níor cheart dó sin cosc a chur ar an bpíolóta agus ar an rialtóir aerthráchta lena mbaineann ó na gníomhaíochtaí uile is gá a thionscnamh agus a dhéanamh i gcás ina gcliseann ar chumarsáid ghutha idir aer agus talamh.

SERA.15050 Tástáil CPDLC


I gcás ina bhféadfadh an tástáil a dhéantar ar CPDLC le haerárthach difear a dhéanamh do na seirbhísí aerthráchta atá á soláthar don aerárthach, déanfar an comhordú roimh thástáil den sórt sin.';

(8) cuirtear isteach an Fhoscríbhinn 6 seo a leanas:

'Foscríbhinn 6

PLEAN EITILTE A LÍONADH ISTEACH

1. **Foirm plean eitilte de shamhail ICAO**



2. **Treoracha maidir le foirm an phlean eitilte a líonadh isteach**

2.1. Ginearálta

Cloígh go daingean leis na formáidí forordaithe agus an bealach ina sonrófar sonraí.

Tosaigh ag cur sonraí isteach sa chéad spás a thugtar. I gcás ina bhfuil farasbarr spáis ar fáil, fág na spásanna nár úsáideadh folamh.

Cuir isteach amanna an chloig uile i 4 fhigiúr UTC.

Cuir isteach na hamanna caite measta uile i 4 fhigiúr (uaireanta an chloig agus nóiméid).

Déanfar an áit scáthlínithe roimh mhír 3 – a líonadh isteach trí sheirbhísí ATS agus COM, mura bhfuil an fhreagracht maidir le tionscnamh teachtaireachtaí an phlean eitilte tarmligthe.

2.2. Treoracha maidir le sonraí ATS a chur isteach

Líon isteach míreanna 7 go 18 agus, nuair a cheanglaíonn an t-údarás inniúil ort é, nó nuair a mheastar go bhfuil gá leis ina mhalairt de chás, mír 19 mar a thugtar le fios anseo thíos.

CUIR ISTEACH ceann de na haitheantais aerárthaí seo a leanas, nach mó ná 7 gcarachtar alfa-uimhriúla agus gan fleiscíní ná siombailí:

(a) an sainitheoir ICAO don oibreoir aerárthaigh agus aitheantas na heitilte ina dhiaidh sin (e.g. KLM511, NGA213, JTR25) nuair a bhítear i mbun radaiteileafónaíochta cuimsítear leis an gcomhartha glao a úsáidfidh an t-aerárthach ainmneoir teileafónaíochta ICAO don oibreoir agus ansin aitheantas na heitilte (e.g. KLM511, NIGERIA 213, JESTER 25); nó

(b) náisiúntacht nó marc coiteann agus marc clárúcháin an aerárthaigh (e.g. EIAKO, 4XBCD, N2567GA), sna cásanna seo a leanas:

(1) i radaiteileafónaíocht, cuimsítear an t-aitheantas sin amháin leis an gcomhartha glao a úsáidfidh an t-aerárthach (e.g. CGAJS), nó tagann sainitheoir teileafónaíochta ICAO an oibreora aerárthaigh roimhe (e.g. BLIZZARD CGAJS);

(2) níl an t-aerárthach feistithe le raidió.

Rialacha um eitilt

CUIR ISTEACH ceann de na litreacha seo a leanas chun léiriú a thabhairt ar an gcatagóir de rialacha eitilte atá beartaithe ag an bpíolóta a chomhlíonadh:

I – má tá sé beartaithe an eitilt iomlán a oibriú faoi IFR; nó

V – má tá sé beartaithe an eitilt iomlán a oibriú faoi VFR; nó

Y – má oibrítear an eitilt ar dtús faoi IFR, agus athrú amháin nó níos mó ina dhiaidh sin ar na rialacha eitilte; nó

Z – má oibrítear an eitilt ar dtús faoi VFR, agus athrú amháin nó níos mó ina dhiaidh sin ar na rialacha eitilte.

Sonraigh i Mír 15 an pointe nó na pointí ag a bhfuil sé beartaithe athrú a dhéanamh ar na rialacha eitilte.

Cineál eitilte

CUIR ISTEACH ceann de na litreacha seo a leanas chun léiriú a thabhairt ar an gcineál eitilte nuair a cheanglaíonn an t-údarás inniúil sin:

S – más aersheirbhís sceidealaithe atá i gceist;

N – más oibríocht aeriompair neamhsceidealaithe atá i gceist;

G – más eitlíocht ghinearálta atá i gceist;

M – más eitlíocht mhíleata atá i gceist;

X – más aon ní eile seachas aon cheann de na catagóirí atá sainithe thuas atá i gceist.

Sonraigh stádas eitilte ag leanúint an táscaire STS i Mír 18, nó i gcás inar gá chun cúiseanna eile le láimhseáil shonrach ATS a léiriú, tabhair an chúis le fios tar éis an táscaire RMK i Mír 18.

An líon aerárthaí (1 nó 2 charachtar)

CUIR ISTEACH an líon aerárthaí, má tá níos mó ná ceann amháin ann.

Cineál aerárthaigh (idir 2 agus 4 charachtar)

CUIR ISTEACH an sainitheoir iomchuí mar a shonraítear i nDoic. 8643, Sainitheoirí Cineál Aerárthaigh, NÓ, mura sannadh sainitheoir den sórt sin, nó i gcás eitiltí foirmíochta ina gcuimsítear níos mó ná cineál amháin, CUIR ISTEACH ZZZZ, agus SONRAIGH i mír 18 (líon agus) cineál(cineálacha) aerárthaigh agus 'TYP/roimhe

Catagóir suaiteachta marbhshrutha (1 charachtar)

CUIR ISTEACH claonstríoc agus ceann de na litreacha seo a leanas ina dhiaidh chun léiriú a thabhairt ar chatagóir suaiteachta marbhshrutha an aerárthaigh:

J – OLL, mar léiriú ar chineál aerárthaigh mar a shonraítear in ICAO Doic. 8643, Sainitheoirí de Chineál Aerárthaigh, an t-eagrán is déanaí;

H – TROM, mar léiriú ar chineál aerárthaigh ag a bhfuil uasmhais deimhnithe ag éirí de thalamh de 136 000 kg nó níos mó, cé is moite de chineálacha aerárthaí atá liostaithe in ICAO Doic. 8643 san OLL (J) chatagóir;

M – MEÁNACH, chun léiriú a thabhairt ar chineál aerárthaigh ag a bhfuil uasmhais deimhnithe ag éirí de thalamh de níos lú ná 136 000 kg ach níos mó ná 7 000 kg;

L – ÉADROM, chun léiriú a thabhairt ar chineál aerárthaigh ag a bhfuil uasmhais deimhnithe ag éirí de thalamh de 7 000 kg nó níos lú.

Cuimsítear na heilimintí seo a leanas le cumais:

(a) is ann do threalamh inseirbhíse ábhartha ar bord an aerárthaigh;

(b) tá an trealamh agus na cumais ar cóimhéid le cáilíochtaí fhoireann na heitilte; agus

(c) i gcás inarb infheidhme, údarú ón údarás iomchuí.

Trealamh agus cumais chumarsáide raidió, loingseoireachta agus áiseanna ascnaimh

CUIR ISTEACH litir amháin mar a leanas:

N – mura n-iompraítear trealamh COM/NAV/áiseanna ascnaimh don bhealach atá le heitilt, nó mura bhfuil an trealamh inseirbhíse; nó

S – má iompraítear trealamh COM/NAV/áiseanna ascnaimh don bhealach atá le heitilt, agus má tá sé inseirbhíse; agus/nó

CUIR ISTEACH ceann amháin nó níos mó de na litreacha seo a leanas chun léiriú a thabhairt ar an trealamh agus na cumais COM/NAV/áiseanna ascnaimh atá ar fáil:

A	Córas tuirlingthe GBAS	**J7**	CPDLC FANS 1/A SATCOM (Iridiam)
B	LPV (APV le SBAS)	**K**	MLS
C	Loran C	**L**	ILS
D	DME	**M1**	ATC SATVOICE (INMARSAT)
E1	FMC WPR ACARS	**M2**	ATC SATVOICE (MTSAT)
E2	D-FIS ACARS	**M3**	ATC SATVOICE (Iridiam)
E3	PDC ACARS	**O**	VOR

G	GNSS. Má tá aon chuid den eitilt beartaithe a dhéanamh faoi IFR, tagraíonn sé do ghlacadóirí GNSS a chomhlíonann Iarscríbhinn 10 ICAO Imleabhar I
H	HF RTF
I	Loingseoireacht Támhúil
J1	CPDLC ATN VDL Mód 2
J2	CPDLC FANS 1/A HFDL
J3	CPDLC FANS 1/A VDL Mód A
J4	CPDLC FANS 1/A VDL Mód 2
J5	CPDLC FANS 1/A SATCOM (INMARSAT)
J6	CPDLC FANS 1/A SATCOM (MTSAT)
P1	CPDLC RCP 400
P2	CPDLC RCP240
P3	SATVOICE RCP 400
P4-P9	Forchoimeádta le haghaidh RCP
R	PBN formheasta
T	TACAN
U	UHF RTF
V	VHF RTF
W	RVSM formheasta
X	MNPS Formheasta
Y	VHF le cumas spásála le haghaidh chainéal 8,33 kHz
Z	Trealamh eile arna iompar nó cumais eile

Coimeádtar aon charachtar alfa-uimhriúil nach dtugtar le fios thuas.

Trealamh agus cumais faireachais

CUIR ISTEACH **N** mura n-iompraítear trealamh faireachais don bhealach atá le heitilt, nó mura bhfuil an trealamh inseirbhíse;

NÓ

CUIR ISTEACH ceann amháin nó níos mó de na tuairisceoirí seo a leanas, suas le huasmhéid 20 carachtar, chun tuairisc a thabhairt ar an trealamh faireachais inseirbhíse agus/nó ar na cumais ar bord:

Móid SSR A agus C

A – Trasfhreagróir – Mód A (4 dhigit – 4 096 chód)

C – Trasfhreagróir – Mód A (4 dhigit – 4 096 chód) agus Mód C

Mód SSR S

E – Trasfhreagróir – Mód S, lena n-áirítear cumas aitheantais aerárthaigh, cumas airde-brú agus cumas steallchraolta sínte (ADS-B)

H – Trasfhreagróir – Mód S, lena n-áirítear cumas aitheantais aerárthaigh, cumas airde-brú agus cumas faireachais fheabhsaithe

I – Trasfhreagróir – Mód S, lena n-áirítear cumas aitheantais aerárthaigh, ach gan cumas airde-brú

L – Trasfhreagróir – Mód S, lena n-áirítear cumas aitheantais aerárthaigh, cumas airde-brú, cumas steallchraolta sínte (ADS-B) agus ardchumas faireachais

P – Trasfhreagróir – Mód S, lena n-áirítear cumas airde-brú, ach gan cumas aitheantais aerárthaigh

S – Trasfhreagróir – Mód S, lena n-áirítear cumas airde-brú agus cumas aitheantais aerárthaigh araon

X – Trasfhreagróir – Mód S gan ceachtar de chumas aitheantais aerárthaigh ná den chumas airde-brú

ADS-B

B1 – ADS-B le cumas 'amach' tiomnaithe ADS-B 1 090 MHz

B2 – ADS-B le cumas 'amach' agus 'isteach' tiomnaithe ADS-B 1 090 MHz

U1 – Cumas ‘amach’ ADS-B ag úsáid UAT

U2 – Cumas ADS-B ‘amach’ agus ‘isteach’ ag úsáid UAT

V1 – Cumas ADS-B ‘amach’ ag úsáid VDL Mód 4

V2 – Cumas ADS-B ‘amach’ agus ‘isteach’ ag úsáid VDL Mód 4

ADS-C

D1 – ADS-C le cumais FANS 1/A

G1 – ADS-C le cumais ATN

Coimeádtar carachtair alfa-uimhriúla nach dtugtar le fios thuas.

CUIR ISTEACH táscaire suímh 4-litir ICAO den aeradróm imeachta mar a shonraítear i nDoic. 7910, *Táscairí Suímh*;

NÓ, mura sannadh aon táscaire suímh,

CUIR ISTEACH ZZZZ agus SONRAIGH, i Mír 18:

— ainm agus suíomh an aeradróim agus DEP/ag dul roimhe; nó

— an chéad phointe den bhealach nó rabhchán raidió marcóra le DEP/roimhe..., mura éirigh an t-aerárthach den talamh ó aeradróm;

NÓ, – má fhaightear an plean eitilte ó aerárthach le linn eitilte,

CUIR ISTEACH AFIL, agus SONRAIGH, i Mír 18, táscaire suímh 4-litir ICAO de shuíomh an aonaid ATS ónar féidir na sonraí ón bplean eitilte forlíontach a fháil, agus DEP/ag teacht roimhe.

ANSIN, GAN SPÁS,

CUIR ISTEACH le haghaidh plean eitilte a cuireadh isteach roimh imeacht, an t-am gluaiste measta (EOBT), nó le haghaidh plean eitilte a fuarthas ó aerárthach le linn eitilte, an t-am iarbhír nó measta thar an gcéad phointe den bhealach lena mbaineann an plean eitilte.

CUIR ISTEACH an *chéad luas cúrsála* mar atá in (a) agus an *chéad airde cúrsála* mar atá in (b), gan spás eatarthu.

ANSIN, ag leanúint na saigheada, CUIR ISTEACH tuairisc ar an mbealach mar atá in (c).

(a) *Luas cúrsála (uasmhéid 5 charachtar)*

CUIR ISTEACH an *Fíor-aerluas* don chéad chuid de chuid cúrsála na heitilte nó don chuid iomlán de, i dtéarmaí:

Ciliméadair san uair, á léiriú mar K agus 4 fhigiúr ina dhiaidh (e.g. K0830), nó

Muirmhílte, á léiriú mar N agus 4 fhigiúr ina dhiaidh (e.g. N0485), nó

Fíor Machuimhir, nuair a dhéanann an t-údarás inniúil é a fhorordú, chuig an gcéadú is gaire d’aonad Mach, á léiriú mar M agus 3 fhigiúr ina dhiaidh (e.g. M082).

(b) *Airde cúrsála (uasmhéid 5 charachtar)*

CUIR ISTEACH an airde cúrsála beartaithe don chéad chuid den bhealach a bheidh le heitilt nó don chuid iomlán, i dtéarmaí:

Leibhéal eitilte, á léiriú mar F agus 3 fhigiúr ina dhiaidh (e.g. F085; F330), nó

Gnáth leibhéal *méadrach i ndeicheanna de mhéadar,* nuair a dhéanann an t-údarás inniúil é a fhorordú á léiriú mar S agus 4 fhigiúr ina dhiaidh (e.g. S1130), nó

Airde sna céadta troigh, á léiriú mar A agus 3 fhigiúr ina dhiaidh (e.g. A045; A100), nó

Airde i ndeicheanna de mhéadair, á léiriú mar M agus 4 fhigiúr ina dhiaidh (e.g. M0840), nó

le haghaidh eitiltí VFR neamhrialaithe, na litreacha VFR.

(c) *Bealach (lena n-áirítear athruithe ar leibhéal luais agus/nó rialacha eitilte*

Eitiltí feadh bhealaí ATS ainmnithe

CUIR ISTEACH, má tá an t-aeradróm imeachta suite ar an mbealach ATS nó nasctha leis, sainitheoir an chéad bhealaigh ATS,

NÓ, má tá an t-aeradróm imeachta suite ar an mbealach ATS nó nasctha leis, na litreacha DCT agus ina dhiaidh an pointe ag a dtiocfar le chéile leis an gcéad bhealach ATS, agus sainitheoir an bhealaigh ATS ina dhiaidh.

ANSIN

CUIR ISTEACH gach pointe ag a mbeartaítear tús a chur le hathrú luais agus/nó an leibhéal luais, nó athrú ar bhealach ATS, agus/nó a bhfuil athrú ar rialacha eitilte beartaithe,

AGUS INA nDIAIDH I nGACH CÁS

ag sainitheoir na chéad deighleoige eile den bhealach ATS, fiú má tá sé mar an gcéanna leis an gceann roimhe,

NÓ ag DCT, má tá an eitilt chuig an gcéad phointe eile lasmuigh de bhealach sainithe, mura ndéantar an dá phointe a shainiú le comhordanáidí geografacha.

Eitiltí lasmuigh de bhealaí ATS sainithe

CUIR ISTEACH pointí nach mó ná 30 nóiméad am eitilte de ghnáth nó 370 km (200 NM) ó chéile, lena n-áirítear gach pointe ag a mbeartaítear athrú luais nó leibhéil, athrú riain, nó athrú ar na rialacha eitilte a dhéanamh,

NÓ, i gcás ina gceanglaíonn an t-údarás inniúil é sin,

SAINIGH rian na n-eitiltí a oibrítear den chuid is mó i dtreo soir-siar idir 70°N agus 70°S faoi threoir pointí suntasacha arna bhfoirmiú ag pointí trasnaithe leathchéimeanna nó céimeanna iomlána domhanleithid le fadlínte spásáilte ag eatraimh 10 gcéim domhanfhaid. I gcás eitiltí a oibrítear i limistéir lasmuigh de na leithid sin, saineofar na rianta sin le pointí suntasacha arna bhfoirmiú ag pointe trasnaithe na línte domhanleithid agus na fadlínte spásáilte de ghnáth ag 20 céim domhanfhaid. Ní bheidh an fad idir pointí suntasacha, a mhéid is féidir, níos mó ná aga eitilte 1 uair an chloig. Bunófar pointí suntasacha breise de réir mar a mheastar atá riachtanach.

I gcás eitiltí a oibrítear den chuid is mó i dtreo thuaidh-theas, sainigh na rianta faoi threoir pointí suntasacha arna bhfoirmiú ag pointe trasnaithe céimeanna iomlána domhanfhaid le línte domhanleithid sonraithe atá spásáilte ag 5 chéim.

CUIR ISTEACH DCT idir pointí comhleanúnacha mura ndéantar an dá phointe a shainiú le comhordanáidí geografacha nó trí threo-uillinn agus fad.

NÁ hÚSAID ACH AMHÁIN na coinbhinsiúin in (1) go (5) thíos agus SCAR gach fomhír le spás.

(1) ATS route (2 to 7 characters)

An sainitheoir códaithe arna shannadh don bhealach nó don deighleog bealaí lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, an sainitheoir códaithe arna shannadh don ghnáthbhealach imeachta nó teachta (e.g. BCN1, Bl, R14, UB10, KODAP2A).

(2) Significant point (2 to 11 characters)

An sainitheoir códaithe (2 go 5 charachtar) arna shannadh don phointe (e.g. LN, MAY, HADDY),

nó, mura sannadh aon sainitheoir códaithe, ceann de na bealaí seo a leanas:

— Céimeanna amháin (7 gcarachtar):

2 fhigiúr ina dtugtar tuairisc ar dhomhanleithead i gcéimeanna, agus 'N' (Ó thuaidh) nó 'S' (Ó Dheas) ina ndiaidh, agus leanann 3 fhigiúr é ina dtugtar tuairisc ar dhomhanfhad, agus 'E' (Oirthear) nó 'W' (Iarthar) ina dhiaidh. Déan suas an líon ceart figiúirí, i gcás inar gá, trí náideanna a chur isteach, e.g. 46N078W.

— Céimeanna agus nóiméid (11 charactar):

4 fhigiúr ina dtugtar tuairisc ar dhomhanleithead i gcéimeanna agus i ndeicheanna agus aonaid de nóiméid agus 'N' (Ó thuaidh) nó 'S' (Ó dheas) ina dhiaidh, agus ansin 5 fhigiúr ina dtugtar tuairisc ar dhomhanfhad i gcéimeanna agus i ndeicheanna agus in aonaid de nóiméid, agus 'E' (Oirthear) nó 'W' (Iarthar) ina dhiaidh. Déan suas an líon ceart figiúirí, i gcás inar gá, trí náideanna a chur isteach, e.g. 4620N07805W.

— Treo-uillinn agus fad ó phointe tagartha:

An pointe tagartha a shainaithint, agus ansin an treo-uillinn ón bpointe i bhfoirm 3 fhigiúr a thugann céimeanna maighnéadacha, agus ina dhiaidh sin an fad ón bpointe i bhfoirm 3 fhigiúr a léiríonn muirmhílte. I limistéir ina bhfuil domhanleithead ard cinneann an t-údarás iomchuí nach bhfuil tagairt do chéimeanna maighnéadacha praiticiúil, féadfar céimeanna fíora a úsáid. Déan suas an líon ceart figiúirí, i gcás inar gá, trí náideanna a chur isteach – e.g. ba cheart maighnéad de phointe 180 ag fad 40 NM ó VOR 'DUB' a léiriú mar DUB180040.

(3) Change of speed or level (maximum 21 characters)

An pointe ag a mbeartaítear athrú a dhéanamh ar luas (5 % TAS nó 0,01 Mach nó níos mó) nó athrú leibhéil a thosú, á léiriú go beacht mar atá in (2) thuas, agus ina dhiaidh sin claonstríoc agus an luas cúrsála agus an airde cúrsála, á léiriú go beacht mar atá in (a) agus (b) thuas, gan spás eatarthu, fiú nuair nach ndéanfar ach ceann amháin de na cainníochtaí sin a athrú.

Samplaí: LN/N0284A045

MAY/N0305Fl80

HADDY/N0420F330

4602N07805W/N0500F350

46N078W/M082F330

DUB180040/N0350M0840

(4) Change of flight rules (maximum 3 characters)

An pointe ag a mbeartaítear an t-athrú a dhéanamh ar rialacha eitilte, á léiriú go beacht mar atá in (2) nó (3) thuas de réir mar is iomchuí, agus ina dhiaidh sin spás agus ceann díobh seo a leanas:

VFR más ó IFR go VFR

IFR más ó VFR go IFR

Samplaí: LN VFR

LN/N0284A050 IFR

(5) Cruise climb (maximum 28 characters)

An litir C agus ina dhiaidh sin claonstríoc; ANSIN an pointe ag a mbeartaítear tús a chur leis an gcúrsáil a thabhairt in aghaidh an aird, á léiriú mar atá in (2) thuas, agus claonstríoc ina dhiaidh; ANSIN an luas a bheidh le coinneáil ar bun le linn don chúrsáil a thabhairt in aghaidh an aird, á léiriú go beacht mar atá in (a) thuas, agus ansin an dá leibhéal ina dhiaidh ina sainítear an tsraith a bheidh le háitiú le linn don chúrsáil a bheith ag dul in aghaidh an aird, gach ceann á léiriú go beacht mar atá in (b) thuas, nó an leibhéal ag a bhfuil an chúrsáil beartaithe a thabhairt in aghaidh an aird agus na litreacha PLUS ina dhiaidh, gan spás eatarthu.

Samplaí: C/48N050W/M082F290F350

C/48N050W/M082F290PLUS

C/52N050W/M220F580F620

Aeradróm cinn scríbe agus am caite iomlán (8 gcarachtar)

CUIR ISTEACH	táscaire suímh 4-litir ICAO an aeradróim cinn scríbe mar a shonraítear i nDoic. 7910, Táscairí Suímh,
NÓ,	mura sannadh aon táscaire suímh,
CUIR ISTEACH	ZZZZ agus SONRAIGH i Mír 18 ainm agus suíomh an aeradróim, agus DEST/ag teacht roimhe.

ANSIN GAN SPÁS

CUIR ISTEACH	an t-am caite measta iomlán.

Aeradróm malartach cinn scríbe

CUIR ISTEACH	táscaire suímh 4-litir ICAO nach mó ná dhá aeradróm malairte ceann scríbe, mar a shonraítear i nDoic. 7910, Táscairí Suímh, á scaradh le spás,
NÓ,	mura sannadh aon táscaire suímh don aeradróm malairte ceann scríbe,
CUIR ISTEACH	ZZZZ agus SONRAIGH i Mír 18 ainm agus suíomh an aeradróim malairte ceann scríbe, agus ALTN/ag teacht roimhe.

Níor cheart fleiscíní nó claonstríocaí a úsáid ach amháin mar a fhorordaítear thíos.

CUIR ISTEACH	**0** (náid) mura ann d'aon fhaisnéis eile,
NÓ,	aon fhaisnéis eile is gá sa seicheamh a thaispeántar anseo thíos, i bhfoirm an táscaire iomchuí arna roghnú astu sin atá sainithe anseo thíos agus claonstríoc ina dhiaidh agus an fhaisnéis atá le taifeadadh:
STS/	An chúis leis an láimhseáil speisialta ó ATS, e.g. misean cuardaigh agus tarrthála, mar a leanas:
	ALTRV: le haghaidh eitilte a oibrítear i gcomhréir le háirithint airde;
	ATFMX: le haghaidh eitilte arna formheas le haghaidh díolúine ó bhearta ATFM ag an údarás inniúil;
	FFR: comhrac dóiteáin;
	FLTCK: seiceáil eitiltí le haghaidh calabrú áiseanna loingseoireachta;
	HAZMAT: le haghaidh eitilte a iompraíonn ábhar guaiseach;
	CEANN: eitilt ag a bhfuil an stádas Ceann Stáit;
	HOSP: le haghaidh eitilt leighis arna dearbhú ag údaráis leighis;
	HUM: le haghaidh eitilt a oibrítear ar mhisean daonnachtúil;

MARSA: le haghaidh eitilt dá nglacann eintiteas míleata freagracht maidir le fad a chur idir aerárthaí míleata;

MEDEVAC: le haghaidh aslonnú taismeach éigeandála atá criticiúil do bheatha;

NONRVSM: le haghaidh eitilt neamh-RVSM-inniúil atá ag beartú oibriú in aerspás RVSM;

SAR: le haghaidh eitilt atá ag gabháil do mhisean cuardaigh agus tarrthála; agus

STATE: le haghaidh eitilt atá ag gabháil do sheirbhísí míleata, custaim, nó póilíní.

Déanfar cúiseanna eile go ndéantar láimhseáil speisialta le ATS a léiriú faoin sainitheoir 'RMK/'.

PBN/ Tásc maidir le cumais RNAV agus/nó RNP. Cuir san áireamh an oiread de na tuairisceoirí thíos, a bhfuil feidhm acu maidir leis an eitilt, suas go dtí uasmhéid 8 n-eintiteas, i.e. iomlán nach mó ná 16 charachtar.

SONRAÍOCHTAÍ RNAV

A1	RNAV 10 (RNP 10)	**C1**	RNAV 2 gach braiteoir ceadaithe
		C2	RNAV 2 GNSS
B1	RNAV 5 gach braiteoir ceadaithe	**C3**	RNAV 2 DME/DME
B2	RNAV 5 GNSS	**C4**	RNAV 2 DME/DME/IRU
B3	RNAV 5 DME/DME		
B4	RNAV 5 VOR/DME	**D1**	RNAV 1 gach braiteoir ceadaithe
B5	RNAV 5 INS nó IRS	**D2**	RNAV 1 GNSS
B6	RNAV 5 LORANC	**D3**	RNAV 1 DME/DME
		D4	RNAV 1 DME/DME/IRU

SONRAÍOCHTAÍ RNP

L1	RNP 4	**S1**	RNP APCH
		S2	RNP APCH le BARO-VNAV
O1	Bun-RNP 1 gach braiteoir ceadaithe		
O2	Bun-RNP 1 GNSS	**T1**	RNP AR APCH le RF (údarú speisialta de dhíth)
O3	Bun-RNP 1 DME/DME	**T2**	RNP AR APCH gan RF (údarú speisialta de dhíth)
O4	Bun-RNP 1 DME/DME/IRU		

Coimeádtar teaglaim de charachtair alfa-uimhriúla nach dtugtar le fios thuas.

NAV/ Sonraí móra a bhaineann le trealamh loingseoireachta, seachas mar a shonraítear in PBN/, arna gceangal ag an údarás inniúil.

Léirigh méadú GNSS faoin táscaire seo, agus spás idir dhá mhodh méadaithe nó níos mó, e. g. NAV/GBAS SBAS.

Léirigh EURPRNAV má bhíonn an t-aerárthach formheasta P-RNAV ag brath go haonarach ar VOR/DME chun an suíomh a chinneadh.

COM/ Léirigh an trealamh cumarsáide agus na cumais nach bhfuil sonraithe i Mír 10 a).

DAT/ Léirigh an trealamh cumarsáide sonraí agus na cumais nach bhfuil sonraithe i Mír 10 a) nó 'CPDLCX' chun an díolúine arna dheonú ón gceanglas a bheith feistithe le CPDLC-ATN-B1 a léiriú.

SUR/ Léirigh an trealamh faireachais agus na cumais nach bhfuil sonraithe i Mír 10 b). Léirigh an oiread sonraíochta(í) RSP agus is féidir mar a bhfuil feidhm acu maidir leis an eitilt, ag úsáid sainitheora (sainitheoirí) gan spás. Scartar ilsonraíochtaí RSP le spás. Sampla: RSP180 RSP400.

Cuir isteach EUADSBX, EUEHSX, EUELSX, nó teaglaim díobh, chun léiriú a thabhairt ar na díolúintí a deonaíodh maidir leis an gceanglas a bheith feistithe le trasfhreagróirí Mód SSR S nó tarchuradóirí ADS-B.

DEP/ Ainm agus suíomh an aeradróim imeachta, má chuirtear ZZZZ isteach i Mír 13, nó an t-aonad ATS ónar féidir sonraí forlíontacha an phlean eitilte a fháil, má chuirtear AFIL isteach i Mír 13. I gcás aeradróim nach bhfuil liostaithe san Fhoilseachán Faisnéise Aerloingseoireachta ábhartha, léirigh an suíomh mar a leanas:

Le 4 fhigiúr ina dtugtar tuairisc ar dhomhanleithead i gcéimeanna agus i ndeicheanna agus aonaid de nóiméid agus 'N' (Ó thuaidh) nó 'S' (Ó dheas) ina dhiaidh, agus ansin 5 fhigiúr ina dtugtar tuairisc ar dhomhanfhad i gcéimeanna agus i ndeicheanna agus in aonaid de nóiméid, agus 'E' (Oirthear) nó 'W' (Iarthar) ina dhiaidh. Déan suas an líon ceart figiúirí, i gcás inar gá, trí náideanna a chur isteach, e.g. 4620N07805W (11 charactar).

NÓ, Treo-uillinn agus fad ón bpointe suntasach is gaire, mar a leanas:

An pointe suntasach a shainaithint, ansin an treo-uillinn ón bpointe i bhfoirm 3 fhigiúr a thugann céimeanna maighnéadacha, agus ina dhiaidh sin an fad ón bpointe i bhfoirm 3 fhigiúr a léiríonn NM. I limistéir ina bhfuil domhanleithead ard i gcás ina gcinneann an t-údarás iomchuí nach bhfuil tagairt do chéimeanna maighnéadacha praiticiúil, féadfar céimeanna fíora a úsáid. Déan suas an líon ceart figiúirí, i gcás inar gá, trí náideanna a chur isteach, e.g. ba cheart maighnéad de phointe 180 ag fad 40 NM ó VOR 'DUB' a léiriú mar DUB180040.

NÓ, An chéad phointe den bhealach (ainm nó LAT/LONG) nó rabhchán raidió marcóra, mura éirigh an t-aerárthach den talamh ó aeradróm.

DEST/ Ainm agus suíomh an aeradróim cinn scríbe, má chuirtear ZZZZ isteach i Mír 16. I gcás aeradróim nach bhfuil liostaithe san Fhoilseachán Faisnéise Aerloingseoireachta ábhartha, léirigh an suíomh in LAT/LONG nó treo-uillinn agus fad ón bpointe suntasach is gaire, mar a thuairiscítear faoi DEP/thuas.

DOF/ Dáta imeachta na heitilte i bhformáid 6 fhigiúr (BBMMDD, inarb ionann BB agus an bhliain, tá MM cothrom leis an mí, agus is ionann LL agus an lá).

REG/ Náisiúntacht nó marc coiteann agus marc clárúcháin an aerárthaigh, má tá sé difriúil ón aitheantas aerárthaigh i Mír 7.

EET/ Pointí suntasacha nó sainitheoirí teorann FIR agus amanna caite measta carntha ó éirí de thalamh go dtí pointí den sórt sin nó teorainneacha FIR, i gcás ina bhforordaítear sin ar bhonn socruithe aerloingseoireachta réigiúnacha, nó arna bhforordú ag an údarás inniúil.

Samplaí: EET/CAP0745 XYZ0830

EET/EINN0204

SEL/ Cód SELCAL, le haghaidh aerárthaí atá feistithe mar sin.

TYP/ Cineál (nó cineálacha) aerárthaigh, agus ag dul roimhe más gá gan spás le huimhir(uimhreacha) aerárthaigh agus scartha le spás amháin, má chuirtear ZZZZ isteach i Mír 9.

Sampla: TYP/2F15 5F5 3B2

CODE/ Seoladh an aerárthaigh (léirithe i bhfoirm cóid alfa-uimhriúla ina bhfuil 6 charachtar heicsidheachúla) i gcás ina n-iarrann an t-údarás inniúil sin. Sampla: Is é 'F00001' an seoladh aerárthaigh is ísle atá sa bhloc sonrach arna riar ag ICAO.

DLE/ Moill nó coinneáil faoi bhealach, cuir isteach an pointe(í) suntasach ar an mbealach i gcás ina bhfuil sé beartaithe moill a dhéanamh, agus ansin fad na moille ag úsáid am 4 fhigiúr in uaireanta an chloig agus i nóiméid (uunn).

Sampla: DLE/MDG0030

OPR/ Sainitheoir ICAO nó ainm ghníomhaireacht oibríochta an aerárthaigh, má tá sé difriúil ón aitheantas aerárthaigh i Mír 7.

ORGN/ Seoladh AFTN 8 litir an tionscnóra nó sonraí teagmhála eile iomchuí, i gcás ina bhféadfadh sé nach mbeadh tionscnóir an phlean eitilte aitheanta go héasca, arna cheangal ag an údarás inniúil.

PER/ Sonraí feidhmíochta an aerárthaigh, á léiriú le litir aonair mar a shonraítear i Nósanna imeachta le haghaidh Seirbhísí Aerloingseoireachta – Oibríochtaí Aerárthaí (PANS-OPS, Doic. 8168), Imleabhar I – Nósanna imeachta Eitilte, má dhéanann an t-údarás inniúil é a fhorordú mar sin.

ALTN/ Ainm aeradróm malairte ceann scríbe, má chuirtear ZZZZ isteach i Mír 16. I gcás aeradróim nach bhfuil liostaithe san Fhoilseachán Faisnéise Aerloingseoireachta ábhartha, léirigh an suíomh in LAT/LONG nó treo-uillinn agus fad ón bpointe suntasach is gaire, mar a thuairiscítear in DEP/thuas.

RALT/ Táscaire 4-litir ICAO le haghaidh bealaí malartacha faoi bhealach, mar a shonraítear i nDoic. 7910, Táscaire Suímh, nó ainm(neacha) aeradróim mhalartaigh, mura ndéantar táscaire a leithdháileadh. I gcás aeradróim nach bhfuil liostaithe san Fhoilseachán Faisnéise Aerloingseoireachta ábhartha, léirigh an suíomh in LAT/LONG nó treo-uillinn agus fad ón bpointe suntasach is gaire, mar a thuairiscítear in DEP/thuas.

TALT/ Táscaire 4-litir ICAO le haghaidh éirí de thalamh malartach, mar a shonraítear i nDoic. 7910, Táscaire Suímh, nó ainm aeradróim mhalartaigh chun éirí de thalamh, mura ndéantar táscaire a leithdháileadh. I gcás aeradróim nach bhfuil liostaithe san Fhoilseachán Faisnéise Aerloingseoireachta ábhartha, léirigh an suíomh in LAT/LONG nó treo-uillinn agus fad ón bpointe suntasach is gaire, mar a thuairiscítear in DEP/thuas.

RIF/ Mionsonraí an bhealaigh i dtreo an aeradróim cinn scríbe athbhreithnithe, agus táscaire suímh 4-litir ICAO an aeradróim ina dhiaidh. Tá an bealach athbhreithnithe faoi réir a athimréiteach le linn eitilte.

Samplaí: RIF/DTA HEC KLAX

RIF/ESP G94 CLA YPPH

RVR/ íoscheanglas maidir le raon radhairc an rúidbhealaigh le haghaidh na heitilte á léiriú i 3 fhigiúr.

RFP/ léiriú ar uimhir na bpleananna eitilte athsholáthair arna gcur isteach san fhormáid 'Q' agus 1 fhigiúr amháin ina ndiaidh ag léiriú próiseas atriallach an athsholáthair.

Samplaí: RFP/Q2.

RMK/ Aon bharúil eile i dteanga sholéite arna cheangal ag an údarás inniúil nó nuair a mheastar gur gá é.

Buanseasmhacht

Tar éis E/ CUIR ISTEACH grúpa 4-fhigiúr ag tabhairt buanseasmhacht breosla in uaireanta an chloig agus nóiméid.

Daoine ar bord

Tar éis P/ CUIR ISTEACH an líon iomlán daoine (paisinéirí agus criú) ar bord, arna cheangal ag an údarás inniúil.
CUIR ISTEACH TBN (le fógairt) murar eol an líon iomlán daoine tráth an chódaithe.

Trealamh éigeandála agus marthanais

R/	(RAIDIÓ) SCRIOS AMACH U mura bhfuil UHF ar mhinicíocht 243,0 MHz ar fáil. SCRIOS AMACH V mura bhfuil VHF ar mhinicíocht 121,5 MHz ar fáil. SCRIOS AMACH E mura bhfuil tarchuradóir aimsitheora éigeandála (ELT) ar fáil.
S/(TREALAMH MARTHANAIS)	SCRIOS AMACH gach táscaire i gcás nach n-iompraítear trealamh marthanais. SCRIOS AMACH P i gcás nach n-iompraítear trealamh marthanais polaigh. SCRIOS AMACH D i gcás nach n-iompraítear trealamh marthanais gaineamhlaigh. SCRIOS AMACH M i gcás nach n-iompraítear trealamh marthanais muirí. SCRIOS AMACH J i gcás nach n-iompraítear trealamh marthanais dufair.
J/(SEAICÉID)	SCRIOS AMACH gach táscaire i gcás nach n-iompraítear seaicéid tharrthála. SCRIOS AMACH L i gcás nach bhfuil seaicéid tharrthála feistithe le soilse. SCRIOS AMACH F i gcás nach bhfuil seaicéid tharrthála feistithe le fluaraisin. SCRIOS AMACH U nó V nó an dá cheann mar atá in R/thuas chun cumas raidió na seaicéad a léiriú, más ann dóibh.
D/(BÁIDÍNÍ) (LÍON)	SCRIOS AMACH táscairí D agus C i gcás nach n-iompraítear aon bháidín; nó CUIR ISTEACH an líon báidíní a iompraítear; agus (CUMAS) – CUIR ISTEACH an cumas iomlán, i ndaoine, báidíní uile a iompraítear; agus (CUMHDACH) – SCRIOS AMACH táscaire C i gcás nach bhfuil báidíní cumhdaithe; agus (DATH) – CUIR ISTEACH dath na mbáidíní má iompraítear iad.
A/(DATH AGUS MARCÁLACHA AN AERÁRTHAIGH)	CUIR ISTEACH dath an aerárthaigh agus marcálacha suntasacha.
N/(BARÚLACHA)	SCRIOS AMACH táscaire N i gcás nach ann do bharúlacha, nó LÉIRIGH aon trealamh marthanais eile a iompraítear agus aon bharúil eile maidir le trealamh marthanais.
C/(PÍOLÓTA)	CUIR ISTEACH ainm an phíolóta i gceannas.

2.3 Arna chomhdú ag

CUIR ISTEACH	ainm an aonaid, na gníomhaireachta nó an duine a bheidh ag líonadh isteach an phlean eitilte.’